# DÁIL ÉIREANN

**TITHÍOCHT ÚDARÁIS ÁITIÚIL A CHOTHABHÁIL AGUS A DHEISIÚ**

Rith Dáil Éireann an Rún seo istigh ag an gCruinniú de Dháil Éireann a bhí ann an 28ú lá seo de Bhealtaine, 2024.

**LOCAL AUTHORITY HOUSING MAINTENANCE AND REPAIR**

The within Resolution was passed by Dáil Éireann at its Meeting on this 28th day of May, 2024.

Cathaoirleach Dháil Éireann

Le cur go dtí:

For transmission to: *An Taoiseach*

Go ndéanann Dáil Éireann:

a thabhairt dá haire:

— nach mbaineann beartas tithíochta ach amháin le líon na dtithe a seachadtar, ach le cáilíocht na dtithe sin do thionóntaí atá ina gcónaí iontu;

— mar an tiarna talún is mó sa Stát, tá freagracht ar leith ar an Rialtas a chinntiú, trí mhaoiniú d'údaráis áitiúla, go gcónaíonn tionóntaí tithíochta sóisialta i dtithe ar ardcháilíocht;

— go bhfuil infheistíocht i gcothabháil, in iarfheistiú, agus in athghiniúint stoc tithíochta sóisialta ró-íseal;

— go bhfuil an iomarca tionóntaí tithíochta sóisialta ina gcónaí i dtithe a bhfuil drochbhail orthu; agus

— in 2017, gur chinn an Coiste Eorpach um Chearta Sóisialta go raibh an Stát ag sárú Airteagal 16 den Chairt Shóisialach Eorpach agus go bhfuil "stoc suntasach de thithíocht údaráis áitiúil ar dhroch-cháilíocht"; agus

a iarraidh ar an Rialtas:

— a chinntiú go ndéantar an stoc tithíochta sóisialta a chothabháil ar an gcaighdeán is airde;

— ciste bliantúil tiomnaithe d'údaráis áitiúla a chruthú chun cur lena mbuiséid reatha freagartha cothabhála;

— an maoiniú i gcomhair iarfheistithe agus athghiniúna a mhéadú go suntasach chun an t-athchóiriú, a bhfuil géarghá leis, ar sheanchoimpléascanna árasán i lár na cathrach a bhrostú;

— an maoiniú don chlár um iarfheistiú ar thithíocht shóisialta a mhéadú chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus bochtanas fuinnimh a laghdú;

— an maoiniú i gcomhair deontas modhnaithe údaráis áitiúil do dhaoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas a mhéadú;

— ar bhonn céimnithe, tionóntachtaí údaráis áitiúil a thabhairt faoi chúram an Bhoird

That Dáil Éireann:

notes that:

— housing policy is not only about the number of homes delivered but the quality of those homes for tenants living in them;

— as the State's largest landlord, Government has a particular responsibility to ensure, through funding for local authorities, that social housing tenants live in good quality homes;

— investment in the maintenance, retrofitting and regeneration of social housing stock is too low;

— too many social housing tenants are living in poorly maintained homes; and

— in 2017, the European Committee of Social Rights deemed the State to be in breach of Article 16 of the European Social Charter and that "a significant stock of local authority housing is of substandard quality"; and

calls on the Government to:

— ensure that the social housing stock is maintained to the highest standard;

— create a dedicated annual fund for local authorities to supplement their existing response maintenance budgets;

— significantly increase the funding for retrofitting and regeneration to speed up the delivery of much needed refurbishment of older inner city flat complexes;

— significantly increase the funding for the social housing retrofitting programme to improve energy efficiency and reduce energy poverty;

— increase the funding for local authority adaptation grants for older persons and people with disabilities;

— on a phased basis, bring local authority tenancies under the remit of the

Tionóntachtaí Cónaithe, na cearta céanna a thabhairt do thionóntaí údaráis áitiúil atá ag tionóntaí tithíochta sóisialta i dtionóntachtaí Comhlachta Tithíochta Ceadaithe; agus

— breithniú gníomhach a dhéanamh ar an moladh i dTuarascáil an Choimisiúin Tithíochta, chun suirbhéanna tréimhsiúla maidir le riocht stoic a thabhairt isteach, agus fócas ar leith ar thithíocht shóisialta.

Residential Tenancies Board, to give local authority tenants the same rights as social housing tenants in Approved Housing Body tenancies; and

— give active consideration to the recommendation contained in the Report of the Housing Commission, for the introduction of periodic stock condition surveys, with a particular focus on social housing.